

Seans

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

	a An foghlaimeoir	b An foghlaimeoir	c An foghlaimeoir	d An foghlaimeoir	e An foghlaimeoir	f An foghlaimeoir	g An foghlaimeoir	h An foghlaimeoir	i An foghlaimeoir	j An foghlaimeoir	k An foghlaimeoir
Gnéithe	Seans										
Tuiscint agus Ceangal						<p>Aithníonn sé gníomhaíochtaí praiticiúla agus gnáthimeachtaí a bhfuil baint ag an tseansúlacht leo.</p> <p>Fiosraíonn sé neamhspleáchas gach triail in iniúchadh. (Mar shampla: nuair a chaitear pingin, tá seans 50/50 ag gach caitheamh, beag beann ar a tháinig aníos an uair dheireanach).</p>	<p>Fiosraíonn sé coincheap an tseans chothrom.</p> <p>Úsáideann sé ábhair éagsúla ar nós boinn agus díslí chun iniúchadh a dhéanamh ar an dóchúlacht.</p>	<p>Aithníonn sé go bhfuil raon dóchúlachtaí ann idir 0-1 [Is ionann 0 agus indéanta/riamh, is ionann 1 agus i gcónaí/cinnt].</p> <p>Tuarann sé agus léiríonn sé na torthaí féideartha uile i dturgnamh dóchúlachta simplí agus úsáid á baint as liostaí córasacha agus múnlaí.</p>	<p>Baineann sé úsáid as sonraí chun an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhas a thuar.</p> <p>Fiosraíonn sé an tslí go dtugann níos mó trialacha na torthaí turgnamhacha [fíorthorthaí] níos gaire do na torthaí teoiriciúla [a bhfuiltear ag súil leo].</p> <p>Fiosraíonn sé an raon inathraitheachta i samplaí beaga (úsáideach chun dlí na n-uimhreacha beaga a mhíniú).</p>	<p>Baineann sé úsáid as teicneolaíocht chun aithris mhear a dhéanamh ar imeachtaí randamacha (Mar shampla: caitheamh pingíní, spinéir nó caitheamh díslí) le haghaidh iniúchtaí éifeachtúla.</p> <p>Baineann sé úsáid as an teicneolaíocht chun tacar iomlán na dtorthaí féideartha in iniúchadh a shainaithint go mear.</p>	
Cumarsáid					<p>Baineann sé úsáid as samplaí de chásanna ón ngnáthshaol chun labhairt faoin dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais agus úsáideann sé teanga na seansúlachta agus na dóchúlachta.</p>	<p>Baineann sé úsáid as teanga mhatamaiticiúil [an-dóchúil, neamhdhóchúil, níos neamhdhóchúla, dóchúlacht níos lú], chun cur síos a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh imeachtaí.</p>	<p>Baineann sé úsáid as teanga mhatamaiticiúil [an-dóchúil, neamhdhóchúil, níos neamhdhóchúla, dóchúlacht níos lú], chun cur síos a dhéanamh ar an dóchúlacht do dtarlóidh imeachtaí.</p> <p>Coinníonn sé taifead de thorthaí trialacha agus fiosruithe trí úsáid a bhaint as straitéisí oiriúnacha (Mar shampla: marcanna scóir nó táblaí simplí).</p>	<p>Roghnaíonn sé modhanna oiriúnacha chun torthaí na bhfiosruithe dóchúlachta a thaifeadh.</p> <p>Sloinneann sé an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhas mar ghnáthchodán.</p>	<p>Léiríonn sé dóchúlacht trí úsáid a bhaint as an raon 0-1. [Is ionann 0 agus indéanta/riamh agus, is ionann 1 agus i gcónaí/cinnt].</p> <p>Léiríonn sé gach toradh féideartha i dturgnamh trí úsáid a bhaint as spás samplach [Spás samplach ná an tacar torthaí féideartha i dturgnamh].</p>	<p>Déanann sé cur síos ar fheidhmeanna sa ghnáthshaol a bhaineann le dóchúlachtaí a chuirtear in iúl i bhfoirmeacha éagsúla (Mar shampla: codáin, deachúlacha céatadáin agus graif).</p>	

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k
	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir
Gnéithe	Seans										
Réasúnaíocht							Tuarann sé torthaí agus déanann sé tástáil orthu i dturgnamh nó i gcluiche dóchúlachta simplí.	Cuireann sé luachanna turgnamhacha i gcomparáid le luachanna teoiriciúla a bhaineann le fiosrúchán (Mar shampla: cuireann sé torthaí breithnithe ó bhonn a chaitheamh 50 babhta i gcomparáid leis na luachanna ionchais .i. 25 ceann, 25 cruit).	Baineann sé tátail as an tslí gur féidir le hathdhéanamh turgnaimh dhóchúlachta tionchar a bheith aige ar na conclúidí ar a dtagann sé, trí fhiosrúchán a dhéanamh.	Tuarann sé agus ríomhann sé an dóchúlacht go dtarlóidh toradh agus minicíocht, cothroime agus déine an fhiosrúcháin á gcur san áireamh aige. Cinneann sé iontaofacht na dtorthaí bunaithe ar líon na bhfiosrúcháin a rinneadh.	Déanann sé tuartha maidir le cás neamhaithnid nuair a thugtar dóchúlacht dó.
Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna						Fiosraíonn sé an dóchúlacht go dtarlóidh gnáthimeacht. Imríonn sé cluichí a bhfuil baint ag an tseansúlacht leo.	Déanann sé turgnaimh sheansúlachta agus torthaí féideartha á sainaithint aige agus cur síos á dhéanamh acu orthu, agus aithníonn sé éagsúlacht sna torthaí. Rangaíonn sé teagmhais fhéideartha in ord dóchúlachta.	Déanann sé fadhbanna dóchúlachta simplí chun cinn agus réitíonn sé iad trí thurgnaimh sheansúlachta a dhéanamh. Baineann sé úsáid as an dóchúlacht chun cluichí atá cothrom nó míchothrom ó thaobh na matamaitice a chinneadh agus a dhearadh agus míníonn sé na torthaí féideartha.	Cuireann sé fadhbanna dóchúlachta simplí chun cinn agus réitíonn sé iad trí thurgnaimh sheansúlachta a dhéanamh. Baineann sé úsáid as an dóchúlacht chun cluichí atá cothrom nó míchothrom ó thaobh na matamaitice a chinneadh agus a dhearadh agus míníonn sé na torthaí féideartha.	Baineann sé úsáid as cluichí chun turgnaimh dhalla a dhéanamh agus tuarann sé an bhfuil siad cothrom nó míchothrom. Baineann sé úsáid as sonraí a fuarthas cheana chun meastóireacht a dhéanamh an féidir pátrúin a úsáid chun cinntí feasacha a dhéanamh maidir le himeachtaí sa todhchaí.	Beachtaíonn sé gach toradh féideartha le go gcomhlíonfaidís critéir áirithe. Déanann sé turgnaimh sheansúlachta le líon ard agus íseal trialacha araon trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha.